BGE/RE/AH/1009

Bord Gáis Energy *samhlaímis*

SÁBHÁIL NÍOS MÓ AIRGID FÓS AR DO LEICTREACHAS

Leictreachas
Sa bhaile
Deireadh Fómhair / Samhain 2009

SAN EAGRÁN SEO

Tá ár bpraghasanna leictreachais ag teacht anuas	**3**
Scaoil solas **ar níos mó coigiltis**	**4**
Laghdaigh tranglam i do chuid bhosca litreach	**6**
Téigh le hiomráitigh cháiliúla **chun airgead a thiomsú d'ospidéil leanaí**	**8**

Fáilte chuig Sa bhaile

Má bhobáil tú do shúil seans go ndeachaigh sé tharat. Tá an samhradh thart anois agus tá na tráthnónta ag éirí níos dorcha. Mar sin tóg cúig nóiméad agus féach ar an leid ar shoilsiú inár n-eagrán is déanaí de Sa bhaile.

Coigilteas, coigilteas, coigilteas, sé sin ábhar an eagráin seo. Tá nuacht againn faoi rátaí leictreachais atá níos ísle fós ó Bord Gáis Energy. Léigh faoi conas a shábhálfaidh bolgáin solais atá tíosach ó fhuinneamh airgead duit i do bhaile. Tá dhá sheirbhís nua againn chomh maith chun cabhrú leat do chuntas a bhainistiú agus chun an méid tranglaim a fhaigheann tú i do bhosca litreach a laghdú. Agus de bhreis ar sin, tá nuacht ar shuíomh Gréasáin Bord Gáis Energy ar a bhfuil iomráitigh agus an pobal ag luascadh camán chun **airgead atá de dhíth go mór a thiomsú** do dhá ospidéal leanaí.

Má tá ceist ar bith agat, seol rphost chugainn ag **athome@bordgais.ie.** Cuimhnigh, táimid anseo chun cabhrú leat.

TRACY KENNEDY *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméara*
BORD GÁIS ENERGY

Seans go mbeidh Bord Gáis, baill de ghrúpa Bord Gáis agus/ nó tríú páirtí éigin atá ag feidhmiú ar son Bhord Gáis ag iarraidh dul i dteagmháil leat tríd an bpost, ar an nguthán nó go pearsanta, le heolas faoi tháirgí nó seirbhísí a mbeadh suim agat iontu. Muna mian leat eolas den chineál sin a fháil, cuir in iúl dúinn trí scríobh chugainn ag Cosaint Sonraí Bord Gáis Energy Opt-Out, PO Box 10310, Saorphost F4062, Baile Átha Cliath 1 (ag cur in iúl d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir chuntais).nó an Fhoirm Ar Líne a chomhlánú ar www.bordgaisenergy.ie/dp

Tá leictreachas ó Bord Gáis Energy fós de luach níos fearr ná mar atá ón ESB

Tá a fhios againn go bhfuil daoine ag lorg slite chun airgead a shábháil i gcónaí, go háirithe na laethanta seo. Mar sin teastaíonn uainn go mbeidh tusa agus do theaghlach in ann taitneamh a bhaint as leictreachas ar níos lú airgid.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2009 bainfidh tú tairbhe as ráta aonaid leictreachais atá níos ísle fós. Ciallaíonn sé sin go mbeidh níos mó airgid i do phóca, agus beimid go léir sásta le sin.

Tóg sracfhéachaint ar an tábla seo chun a fheiceáil an méid díreach atá á shábháil agat lenár rátaí aonaid nua.

TARAIF LASCAINE	24 UAIR	STÓRAS OÍCHE		STÓRAS OÍCHE	
Rataí aonad	Ráta aonad lae	Ráta aonad lae	Ráta aonad oíche	Ráta aonad oíche	Sábháil
	Cent in aghaidh gach kWh	Cent in aghaidh gach kWh	Cent in aghaidh gach kWh	Cent in aghaidh gach kWh	
Gnáth bliain 1 blianta 2 & 3	14.40 15.20	15.38 16.24	7.61 8.03	7.61 8.03	10%* 5%*
Dochar Díreach bliain 1 blianta 2 & 3	14.08 15.20	15.04 16.24	7.44 8.03	7.44 8.03	12%* 5%*
Dé-bhreosla bliain 1 blianta 2 & 3	14.08 15.20	15.04 16.24	7.44 8.03	7.44 8.03	12%* 5%*
Dochar Díreach Dé-bhreosla bliain 1 blianta 2 & 3	13.76 15.20	14.70 16.24	7.27 8.03	7.27 8.03	14%* 5%*
ESB	16.00	17.09	8.46	8.46	

Áirítear CBL ag 13.5% sna praghsanna ar fad

Taraifí infheidhmithe ón 1 Deireadh Fómhair 2009.

**Tá an lascaine seo ag baint le ráta aonaid taraif teaghlaigh infheidhmithe an ESB, agus feidhmíonn sé ar chaitheamh leictreachais*
na chéad bliana amháin. Ina dhiaidh sin, rachaidh gnáth-tharaif lascaine Bord Gáis Energy i bhfeidhm, agus tá sé seo ráthaithe
chun a bheith 5%, ar a laghad, faoi rátaí aonaid an ESB i gcomhair bhliain a dó agus a trí den tairiscint seo. Téann téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.

Níl aon lascaine i dtáillí seasta agus gearrtar iad ag an ráta céanna is a ghearrtar táillí seasta ESB.

Is mar seo a leanas atá táillí seasta in aghaidh na bliana:

24 uair Uirbeach	*€104.40*	*Nightsaver Uirbeach*	*€143.34*
24 uair Tuaithe	*€139.20*	*Nightsaver Tuaithe*	*€181.45*
Stóras oíche	*€9.11*		

Tá an tobhach Oibligeáide Seirbhíse Poiblí curtha go nialas ón 1 Deireadh Fómhair 2009.

Má tá aon cheist agat faoi na coigilteas seo tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin le do thoil ag ***www.bordgaisenergy.ie*** *nó cuir glaoch orainn ag* ***1850 22 22 55***

Ag lonrú solais ar níos mó coigiltis

Tá na soilsí múchta ar bholgáin solais nach bhfuil tíosach ó fhuinneamh. Tá deireadh leis na bolgáin solais aithnidiúla trasna na hEorpa faoi Rialachán AE nua. Amach leis an sean agus isteach leis an nua, mar tá malairtí atá níos tíosaí ó thaobh fuinnimh ann ina n-ionad. Tá saol níos faide ag na bolgáin solais nua seo agus tá siad níos tíosaí ar fhuinneamh, mar aon le cabhrú leis an gcomhshaol, cabhróidh siad chomh maith trí breis airgid a chur i do phóca.

AN RAIBH FHIOS AGAT

gur féidir coigilt de €20 per annum ach bolgáin solais gan DSF a chur in áit 4 gnáth bholgán.

Seo roinnt **leideanna sábhála fuinnimh cliste** ó na saineolaithe ag Power of One.

1 Tá lasca maolaithe go hiontach mar ceadaíonn siad duit an leibhéal soilsithe atá ag teastáil uait ag aon am amháin a úsáid agus mar sin rialaíonn tú an méid fuinnimh a úsáideann tú. (Ní féidir lasca maolaithe a úsáid le DSF i gcónaí, mar sin déan seiceáil ar phacáistiú nó sonraí an déantóra roimh úsáid).

2 Tá braiteoirí gluaiseachta, lasca moille ama, etc. go léir ar fáil chun feabhas a chur ar éifeachtacht soilsithe, ach bíonn oibriú láimhe maith sa teaghlach ríthábhachtach i gcónaí.

3 D'fhéadfadh salachar éifeachtacht lampa a laghdú faoi 20-25%, mar sin faigh an glantóir deannaigh.

4 Déan iarracht na soilse a mhúchadh nuair a fhágann tú seomra.

5 Ar deireadh, bain úsáid as solas an lae! Nuair a éiríonn tú as an leaba sna maidineacha, oscail na cuirtíní seachas na soilsí a chur ar siúl.

Ag fanacht slán nuair atá tú ag athchur bolgán solais

CHUN IAD A DHÉANAMH CHOMH TÍOSACH SIN, TÁ MEARCAIR I MBOLGÁIN DSF. BÍ AN-CHÚRAMACH NUAIR ATÁ TÚ Á GCUR ISTEACH:

Beir orthu ar a gcuid phlaisteach, seachas ar an ngloine, chun an riosca de bhriseadh an bholgáin a laghdú.

Má tharlaíonn briseadh, oscail fuinneog agus ansin fág an seomra ar feadh 30 nóiméad ar a laghad.

Bain úsáid as éadach tais nó téip ghreamaitheach, seachas folúsghlantóir, chun an gloine a ghlanadh suas, agus caith amach na hábháir ghlanta go léir ina dhiaidh.

Aeráil an tseomra na céad chúpla uair eile a mbíonn tú ag folúsghlanadh.

Do chuntas ar d'éileamh féin.

Mar aon le hairgead a shábháil, táimid á dhéanamh níos éasca duit do chuntas Bord Gáis Energy a bhainistiú. Le bainistiú cuntais ar líne tá níos mó rialaithe ar fáil duit ar do chuntas agus ar do chostais.

Ó chomfort do bhaile féin tá tú in ann...

- Do bhille agus d'idirbhearta a fheiceáil
- Seiceáil cathain a bheidh do chéad bhille eile dlite agus íoc ar líne é
- Déan athbhreithniú agus iarratas ar athruithe shonraí do chuntais
- Cláraigh don Dochar Díreach

Tá sé chomh héasca sin tús a chur le seo - níl ag teastáil ach d'uimhir chuntais agus d'ainm mar atá sé faoi láthair ar do bhille. Mar sin logáil isteach inniu agus cláraigh do na buntáistí uilig a thagann le bainistiú cuntais ar www.bordgaisenergy.ie

Gearr an tranglam le billeáil gan pháipéar

Laghdaigh an méid pháipéir a fhaigheann tú tríd an bpost agus glac do pháirt féin i gcomhair an chomhshaoil ag an am céanna trí shíniú suas do bhilleáil gan pháipéar. In ionad bille a fháil ar pháipéar, gheobhaidh tú fógra rphoist nuair atá an bille réidh ar líne. Ní fhéadfadh sé a bheith níos simplí. Déanann billeáil gan pháipéar níos éasca duit é do sheanbhillí a chomhdú agus a aisghabháil ionas go bhfuil tú in ann do stair bhilleála iomlán a fheiceáil ar líne. Le billeáil gan pháipéar tá tú in ann na roghanna íocaíochta céanna de Dhochar Díreach nó íocaíocht ar líne a úsáid. Ina theannta sin, má theastaíonn uait, is féidir leat an malartú ar ais go billí páipéir a dhéanamh le cúpla clic den luch am ar bith.

Ag cur tús le rudaí...

Nuair a chláraíonn tú do chuntas ar líne logáil isteach go www.bordgaisenergy.ie/paperless agus ansin:

- Cliceáil ar an rogha billeála gan pháipéar ar thaobh clé an scaileáin.
- Cuir ar siúl an rogha billeála gan pháipéar ar an gcuid 'make me paperless' a thagann suas agus ní bhfaighidh tú bille eile tríd an bpost.
- Nuair a roghnaíonn tú billeáil gan pháipéar a úsáid, seolfaimid rphost deimhniúcháin chugat.

Mar urraitheoirí bródúla de Chraobhchomórtas Iománaíochta CLG Faoi-21 na hÉireann de chuid Bord Gáis Energy, láinseáil Bord Gáis Energy le déanaí breakingthrough.ie. Rug iomráitigh, lucht spóirt cháiliúil, laochra an CLG agus leantóirí greim ar chamán agus físcheamra chun airgead atá de dhíth go mór a thiomsú d'Ospidéil na Leanaí i Sráid Temple agus i gCromghlinn.

D'iarramar ar dhaoine ar fud na cruinne físeán a sheoladh isteach dóibh féin ag 'Cur ar aghaidh' sliotair ó seat go seat. Go dtí seo tá páirt glachtha ag an laoch de rugbaí Éireannach, Shane Horgan, Sárimeoir CLG Bhaile Átha Cliath Bernard Brogan, Marty Morrissey ó RTÉ agus imreoir sacair idirnáisiúnta Stephen Hunt.

Tá Bord Gáis Energy ag deonadh €2 go gach físeán atá uaslódáilte ag an bpobal go dtí an suíomh Gréasáin Breaking Through. I measc na bhfreagraí iontaigh go dtí seo tá píosaí scannáin de mheascán maith scileanna agus cuid de na cleasa is fearr agus is measa gur féidir a dhéanamh le sliotar agus camán. Fiú má tá tú níos cosúla le Jim Carrey seachas DJ Carey, an rud is tábhachtaí ná páirt a ghlacadh - beidh tú ag tiomsú airgid do dhá chúis an-fiúntacha. Mar sin, buail faoi!

Téigh go dtí an suíomh Gréasáin agus uaslódáil do phíosa scannáin ag: **breakingthrough.ie**